



## Folúntas: Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Gníomhaíocht Mhaigh Eo.

Is é Gníomhaíocht Mhaigh Eo a bheidh freagrach as feidhmiú Plean Teanga Chaisleán an Bharraigh. Beidh an obair seo á dhéanamh i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile. Is plean teanga seacht mbliana atá i gceist. Is é príomhaidhm an phlean de réir pholasaí an Rialtais ná cur le húsáid na Gaeilge agus leis an líon deiseanna úsáide teanga na Gaeilge mar theanga pobail i gCaisleán an Bharraigh. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an cúram príomhghnéithe an phlean a chur i bhfeidhm. Mar phríomhbhaile chontae Mhaigh Eo, treiseoidh an plean stádas dátheangach an bhaile agus an chontae agus díreoidh sé aird an phobail ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí Gaeilge den uile chineál a bheith ar fáil.

### Achoimre an Phoist

Beidh an duine a fhostófar ag obair le foireann Gníomhaíocht Mhaigh Eo agus le páirtithe leasmhara eile chun an plean teanga a chur i bhfeidhm. Is post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus is féidir cur leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Gníomhaíocht Mhaigh Eo agus freagrach do Bhord Stiúrtha na heagraíochta maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú. Is é an scála pá atá ag dul leis an bpost seo ná €35,000-€50,000 agus déanfar an ceapachán ag túsphointe ar an scála sin ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

### Critéir Riachtanacha

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir scríofa agus labhartha;
- Tiomantas do chur chun cinn na Gaeilge;
- Ardscileanna idirphearsanta agus ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa;
- Ábalta tosaíochtaí a leagan síos, spriocdhátaí a bhaint amach agus obair a dhéanamh faoi bhrú;
- Ardscileanna riaracháin agus eagrúcháin;
- Taithí ar phleanáil straitéiseach agus ar fhorbairt agus ar bhainistíocht tionscadal;
- Ardscileanna áisitheoireachta agus comhordaithe;

- Ardscileanna agus taithí maidir le hathbheithniú agus an measúnú agus tuairisciú cuí a dhéanamh ar thionscadail agus taighde a chur i gcrích agus in eagar agus a leithéid sin a chur i láthair ar bhealach atá furasta le fáil agus le tuiscint ag an mórpopal;
- Taithí shonrach ar bhainistíocht airgeadais agus buiséid, agus ar fhreagracht a ghlacadh as tuairiscithe airgeadais a ullmhú;
- Ardscileanna cumarsáide, margáiochta agus poiblíochta i gcomhthéacs na meán shóisialta agus na meán thraidisiúnta araon;
- Céim aitheanta sa Ghaeilge, nó a chomhionann de chéim ag leibhéal ollscoile;
- Taithí ar iarratais mhaoinithe a ullmhú agus a chur i gcrích;

### **Critéir inmhianaithe**

- Iarchéim nó máistreacht aitheanta sa phleanáil teanga, nó a chomhionann d'ábhar mar a bhaineann le forbairt pobail nó teanga;
- Tuiscint agus taithí mhaith ag plé le hearnálacha éagsúla, leis an bpopal agus le coistí/struchtúir pobail /ranna stáit.
- Taithí ar bhainistíocht foirne;
- Taithí ar thaighde ardchaighdeán a chur i gcrích agus a fhoilsiú;
- Ardscileanna ríomhaireachtaí, lena n-áirítear dearadh, graificí agus eagarthóireacht físe agus fuaime;
- Cáilíocht i réimse na bainistíochta, ceannaireachta nó gobharnóireachta;
- Taithí abhcóideachta agus stocaireachta ó thaobh cúrsaí teanga, acmhainní agus ceartais de;
- Saineolas ar aon cheann de na cleachtais shochtheangeolaíochta mar a bhaineann le forbairt polasaithe agus gníomhartha sna réimsí aitheanta seo a leanas: óige, teaghlaigh, oideachas, na healaíona, meáin chumarsáide, gnó, na luathbhlianta agus sport.

### **Suíomh:**

Tá oifig ag Gnó Mhaigh Eo ar an bpríomhshráid i gCaisleán an Bharraigh agus is féidir socrúithe oibre eile a éascú ar a n-áirítear oibriú ón mbaile nó ó shuíomh eile. Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Seol litir chumhdaigh agus CV chuig [niamh@gnomhaigheo.ie](mailto:niamh@gnomhaigheo.ie) roimh 5i.n., an Aoine 10 Mí [na Nollag 2022](#). Tá sé i gceist go mbeidh na hagallaimh luath san athbhliain.

*Is fostóir comhionannas deiseanna é Gnó Mhaigh Eo.*

*Tá an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge tríd An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Gaeltacha, Spóirt agus Meán.*



**An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltacha, Spóirt agus Meán**  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media